C/2025/646

27.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11744 – PINNACLE MEDIA / REDBIRD / NAI / PARAMOUNT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/646)

1. An 17 Eanáir 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Lawrence J. Ellison agus David Ellison ('teaghlach Ellison', na Stáit Aontaithe), agus iad ag gníomhú trí Pinnacle Media Ventures, LLC, Pinnacle Media Ventures II, LLC, agus Pinnacle Media Ventures III, LLC (dá ngairtear Pinnacle Media le chéile, na Stáit Aontaithe iad uile);

— RedBird Capital Partners Management LLC ('RedBird', na Stáit Aontaithe);

— National Amusements, Inc. ('NAI', na Stáit Aontaithe), atá faoi rialú an Sumner M. Redstone National Amusements Part B General Trust, an Shari Ellin Redstone Trust, agus an Shari E. Redstone Qualified Annuity Interest Trust XIX (na 'Redstone Trusts', na Stáit Aontaithe) faoi láthair; agus

— Paramount Global ('Paramount', na Stáit Aontaithe), atá faoi rialú aonair NAI faoi láthair.

Gheobhaidh teaghlach Ellison agus RedBird rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar NAI. Gheobhaidh teaghlach Ellison rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Paramount.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Infheistíonn teaghlach Ellison i bpunann leathan cuideachtaí ar fud tionscail éagsúla. Ina measc, tá úinéireacht tromlaigh agus rialú aonair ag teaghlach Ellison ar Skydance Media, LLC ('Skydance'), cuideachta meán a chruthaíonn siamsaíocht do lucht féachana domhanda. Tá stiúideonna ag Skydance in Los Angeles, Silicon Valley, Stamford, agus i Maidrid,

— Is gnólacht infheistíochta príobháidí é Redbird a bhfuil a cheanncheathrú i Nua-Eabhrac, a thógann cuideachtaí ardfháis le réitigh chaipitil straitéiseacha do bhunaitheoirí agus d'fhiontraithe. Díríonn an gnólacht ar thrí chroíthionscal ingearacha, is iad sin: Spóirt, na Meáin & Siamsaíocht, agus Seirbhísí Airgeadais,

— Is oibreoir pictiúrlainne agus cuideachta sealbhaíochta meán é NAI a oibríonn 759 scáileán scannáin sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe agus i Meiriceá Laidineach,

— Is cuideachta dhomhanda meán, sruthaithe agus siamsaíochta é Paramount a chruthaíonn ábhar agus eispéiris do lucht féachana ar fud an domhain. I bpunann brandaí Paramount, tá na brandaí seo a leanas, i measc cinn eile: CBS, Paramount Pictures, Nickelodeon, MTV, Comedy Central, BET, Paramount+ agus Pluto TV.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11744 – PINNACLE MEDIA / REDBIRD / NAI / PARAMOUNT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË